



An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2023
(OR. en, es)

12838/23

JAI 1133
JAIEX 48
COLAC 105
COSI 145
CRIMORG 110
ENFOPOL 376
CORDROGUE 80

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	12517/1/23 REV 1
Ábhar:	Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Gnóthaí Baile Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Airí atá freagrach as gnóthaí slándála Bhallstáit an Choiste Mheiriceá Laidinigh um Shlándáil Inmheánach (Dearbhú Comhpháirteach AE-CLASI)

Tar éis na faisnéise a cuireadh ar fáil do Coreper an 12 Iúil 2023¹, rinne an Spáinn, mar an Ballstát a bhfuil an Uachtaránacht aige, teagmháil leis na tíortha comhpháirtíochta seachtracha ábhartha chun téacs comhpháirteach an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ó Airí Gnóthaí Baile Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ó na hAirí atá freagrach as cúrsaí slándála de chuid Bhallstáit Choiste Mheiriceá Laidinigh um Shlándáil Inmheánach (Dearbhú Comhpháirteach AE-CLASI) a phlé leo ar bhonn dhréachtdearbhu comhpháirteach AE-CLASI a d'ullmhaigh an Spáinn agus aird á tabhairt ar rannchuidithe i scríbhinn ó thoscaireachtaí Ghrúpa Tacaíochta COSI.

¹ 11301/23

Bunaithe ar na barúlacha a fuarthas ó na tíortha comhpháirtíochta seachtracha ábhartha agus ar bhabhta eile comhairliúcháin le toscaireachtaí Ghrúpa Tacaíochta COSI i mí Mheán Fómhair 2023, cuireann an Spáinn Coreper agus an Chomhairle ar an eolas faoi théacs an dearbhaithe chomhpháirtigh deiridh idir an tAontas agus CLASI mar ullmhúchán don lón aireachta le tíortha CLASI atá i gceangal le cruinniú na Comhairle Gnóthaí Baile sa Bhruiséil an 28 Meán Fómhair 2023.

Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Gnóthaí Baile Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Airí atá freagrach as gnóthaí slándála Bhallstáit an Choiste Mheiriceá Laidinigh um Shlándáil Inmheánach (Dearbhú Comhpháirteach AE-CLASI)

1. Táimidne, Airí Gnóthaí Baile Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na hAirí atá freagrach as cúrsaí slándála de chuid Bhallstáit an Choiste um Shlándáil Inmheánach i Meiriceá Laidineach (CLASI), ag teacht le chéile dúinn den dara huair agus é mar aidhm againn an caidreamh maidir le cúrsaí slándála sa dá réigiún a chomhdhlúthú;
2. Ós eol di go bhfuil na bagairtí coiriúla atá os comhair ár dtíortha agus a dtionchar ar an tslándáil agus cuireann folláine ár saoránach iallach orainn dul i gcomhar le chéile chun freagairtí tráthúla a chur ar fáil;
3. Ós eol di solúbthacht líonraí coiriúla atá ag éirí níos foréigneacha agus níos trasnáisiúnta agus faoi úsáid an éillithe a sháraíonn cearta, agus faoi thionchar ár sochaithe agus ár ngeilleagar chomh maith leis an gcomhshaol;
4. Ag aithint di go bhfuil iarrachtaí comhbheartaithe comhordaithe rithábhachtach chun dul i ngleic le bagairtí comhchoiteanna coiriúla ar shlándáil ár saoránach, go háirithe táirgeadh, maoiniú agus gáinneáil aindleathach drugaí, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar airm thine, armlón agus pléascáin, coireacht airgeadais, cibearchoireacht agus coireacht chomhshaoil;
5. Ag aithint di a thábhachtaí atá sé oibriú le chéile chun comhar i gcoinne bagairtí hibrídeacha, slándáil fuinnimh agus cosaint bonneagar criticiúil agus spásanna poiblí a neartú mar fhreagairt ar dhúshláin mhéadaitheacha na mbagairtí trasnáisiúnta, agus ar a dtionchar agus ar na rioscaí don tslándáil inmheánach atá ag dul i méid;

6. Ag aithint di go bhfuil an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine ríthábhachtach don chomhar eadrainn, ag tabhairt dá haire i ndáil leis an méid sin go bhfuil cosaint sonraí pearsanta bunriachtanach chun go bhféadfar faisnéis a mhalartú i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil;
7. Ag aithint di gur príomhghné é an comhar eadrainn maidir le saincheistanna slándála inmheánaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda agus réigiúnacha atá ag bagairt ar shlándáil ár sochaithe, ar chosaint an chomhshaoil agus ar fhorbairt inbhuanaithe ár dtíortha;
8. Ag athdhearbhú di go bhfuil rún daingean againn leanúint de bheith ag obair le chéile ar mhaithe leis an idirphlé polaitiúil agus le comhar réigiúnach agus idirnáisiúnta a fhorbairt laistigh den dá réigiún agus eatarthu;
9. Agus béim á leagan aici ar uaillmhian na n-airí i Meiriceá Laidineach CLASI a chruthú, fóram réigiúnach le haghaidh idirphlé ardleibhéil lena gcomhordaítear, ar an leibhéal polaitiúil, straitéiseach agus oibríochtúil, sainiú agus cur chun feidhme beartas slándála poiblí i réigiún Mheiriceá Laidinigh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhagairtí a eascraíonn as coireacht eagraithe thrasnáisiúnta, agus aird chuí á tabhairt i gcónaí ar chearta an duine, ar fhreagracht chomhroinnte agus ar phrionsabal na neamhchur isteach;
10. Ag athdhearbhú di ár dtiomantas frithpháirteach leanúint d'ionstraimí atá ann cheana a chur chun feidhme agus measúnú a dhéanamh ar an mbreisluach a bhaineann le hionstraimí breise a chruthú ar mhaithe le comhar maidir leis an tslándáil inmheánach agus leis an gceartas i measc ár dtíortha, mar bhealach chun na naisc idir an dá réigiún a neartú agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí comhroinnte;

11. Ag meabhrú di gur bunaíodh ionstraimí éifeachtacha amhail an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), lena n-ionchorpraítear sásraí chun idirphlé déthaobhach agus iltaobhach a éascú, chomh maith le comhar oibríochtúil, lena n-áirítear le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh, chun dul i ngleic le réimsí tosaíochta coireachta trí phleananna gníomhaíochta oibríochtúla EMPACT (OAPanna) agus trí roinnt gníomhaireachtaí lena gcuirtear comhar chun cinn le tríú tíortha maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe, amhail Europol, an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)², Eurojust, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), agus an Lárionad Oibríochtaí agus Anailíse Muirí — an Lárionad Nearcóice (MAOC-N), chomh maith le hidirphléití déthaobhacha agus réigiúnacha agus clár chomhair, amhail an Clár Comhair maidir le Beartais Drugaí (COPOLAD), Clár Cúnaimh na hEorpa i gcoinne na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (EL PAcCTO), agus comhthionscadail an Chláir Domhanda maidir le Sreabhadh Aindleathach (GIFP), agus líonraí le haghaidh comhar idirnáisiúnta maidir le sócmhainní a aisghabháil agus coigistiú amhail Camden Líonra Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN), lena n-éascaítear malartuithe le hoifigí aisghabhála sócmhainní tríú tíortha chomh maith le líonraí idirghníomhaireachta réigiúnacha um aisghabháil sócmhainní amhail an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais i Meiriceá Laidineach (GAFILAT);
12. Ceiliúradh a dhéanamh ar an obair thábhachtach a dhéanann clár EL PAcCTO maidir leis an gcomhpháirtíocht dhé-réigiúnach idir Meiriceá Laidineach agus an tAontas Eorpach agus lena spreagtar leanúint leis an gcúram sin;
13. Aontachas chomhaltaí nua Mheiriceá Laidinigh le CLASI a cheiliúradh, ag fáiltiú roimh an tSile, Uragua, Meicsiceo, Paragua, Peiriú, an Cholóim agus Hondúras agus an rún atá acu cur le haidhmeanna coiteanna an choiste sin;

² Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Dhrugaí a bheidh ann amach anseo

14. Ag féachaint don dearbhú ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ó Chomhphobal Stáit Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib (CELAC) a rinneadh an 18 Iúil 2023 sa Bhruiséil, an Bheilg;
15. Agus béim á leagan aici ar ghlacadh pleananna gníomhaíochta oibríochtúla (OAPanna) faoi chomhordú CLASI, de réir shamhail EMPACT, mar chuid de Thimthriall Beartais agus Modheolaíocht Oibre CLASI, agus é mar aidhm bearta straitéiseacha, oirbheartaíochta agus oibríochtúla sa réigiún a ailíniú;
16. Comhaontaímid, Airí gnóthaí baile Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus CLASI, iarrachtaí a chomhdhlúthú agus a neartú chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe thrasnáisiúnta agus leis an tionchar diúltach a bhíonn aici ar shochaithe, trí chur chuige ildisciplíneach, lena n-áirítear tríd an nuálaíocht agus trí acmhainneachtaí éifeachtacha a fhorbairt chun gáinneáil aindleathach agus maoiniú drugaí a chomhrac, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, dearadh, monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, mí-úsáid ghnéasach leanaí, cibearchoireanna, coireanna comhshaoil agus airgeadais, trádáil neamhdhleathach in earraí cultúrtha, lena n-áirítear sciúradh airgid agus úsáid choiriúil criptea-airgeadraí, chomh maith leis an éilliú, agus an brabús aindleathach a ghintear leis an gcoireacht sin;
17. Ár dtacaíocht iomlán a chur in iúl do leanúnachas agus d'fhorbairt bhreise CLASI;
18. Gealltanais a thabhairt oibriú le timthriall slándála Mheiriceá Laidinigh, agus modheolaíocht oibre cosúil le modheolaíocht oibre in EMPACT á leanúint agus a ailíniú le EMPACT nuair is iomchuí, lena n-áirítear sásra faireacháin trí CLASI;
19. Gealltanais a thabhairt an comhar idir gníomhaireachtaí inniúla inár réigiún faoi seach a mhéadú, agus comhar gníomhach a chothú idir EMPACT agus OAPanna CLASI, a bhfuil na geallsealbhóirí freagracha rannpháirteach iontu i gcónaí, chun dul chun cinn a dhéanamh go comhpháirteach maidir le cuspóirí comhroinnte agus chun rannpháirtíocht saineolaithe um fhorfheidhmiú an dlí sna gníomhaíochtaí oibríochtúla atá beartaithe faoi seach a spreagadh nuair is iomchuí;

20. Gealltanas a thabhairt comhordú a dhéanamh ar uainiú sheoladh na hIonstraime um Measúnú Doiciméadúcháin agus Bagairtí de chuid Mheiriceá Laidinigh (IDEAL) i Meiriceá Laidineach le huainiú mheasúnú an Aontais Eorpaigh ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA) atá bunaithe cheana féin chun torthaí na dtimthriallta slándála faoi seach a bharrfheabhsú;
21. Gealltanas a thabhairt chun dlús a chur leis an gcomhar chun dul i ngleic le staid dhomhanda na ndrugaí a dhéanann difear don dá réigiún trí aghaidh a thabhairt ar bhealach comhtháite, cothrom agus fianaisebhunaithe, ní hamháin soláthar drugaí a laghdú ach freisin an t-éileamh agus an dochar a dhéanann drugaí don tsláinte phoiblí a laghdú, lena n-áirítear trí mhalartú méadaithe faisnéise agus faisnéise, trí chomhoibríochtaí lena mbaineann imscrúduithe airgeadais agus trí bhearta beartais drugaí atá dírithe ar fhorbairt a chur chun cinn, lena n-áirítear Forbairt Mhalartach;
22. Is díol sásaimh dóibh gur bunaíodh Tascfhórsa Dé-Réigiúnach Frithsceimhlitheoireachta maidir leis an ngáinneáil ar dhruagaí a chomhrac³, ar tionóladh an chéad chruinniú oibríochtúil de i mí Dheireadh Fómhair 2022 in Buenos Aires na hAirgintíne, lena léirítear go n-eascaíonn torthaí nithiúla oibríochtúla as na gealltanais pholaitiúla a rinneadh ar an leibhéal straitéiseach, agus iarrann siad ar an Tascfhórsa oibríochtaí comhpháirteacha a sheoladh, agus na torthaí ó SOCTA agus ó IDEAL á gcur san áireamh; ag meabhrú di go bhforbróidh sí ina líonra saineolaithe agus go n-iarrfaidh sí ar na Ballstáit a bheith rannpháirteach ann;
23. Dearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé tacú leis an bpróiseas chun stádas institiúideach a thabhairt d'AMERIPOL, rud a chuideoidh lena ról i gcomhrac na coireachta tromchúisí agus eagraithe i réigiún Mheiriceá Laidinigh a neartú;

³ D'iarr Dearbhú Comhpháirteach AE-CLASI (an 3 Márta 2022) go mbunófaí Tascfhórsa Frith-Thámhshuanach chun oibríochtaí comhpháirteacha a sheoladh.

24. Ag tathant go n-áireofaí an cur chuige inscne mar ghné thábhachtach i gcomhrac comhpháirteach na coireachta tromchúisí agus eagraithe, trí straitéisí institiúideacha a spreagadh lena gcuirtear ceannaireacht na mban chun cinn sa réimse sin, chomh maith le hanailís chomhroinnte ar ról na mban sa choireacht agus ar thionchar na coireachta ar mhná agus trí dhea-chleachtas agus cur chuige gníomhaíochta a chur chun cinn;
25. A iarraidh go dtionólfai cruinnithe rialta, lena n-áirítear ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach, chun cur leis an idirphlé ar cuireadh tús leis le cruthú CLASI, agus a athdheimhnímid leis an dearbhú comhpháirteach sin ar an leibhéal polaitiúil, straitéiseach, teicniúil agus oibríochtúil, agus go mbeifear in ann cultúr comhair comhroinnte a fhorbairt, chun slándáil agus folláine níos fearr a bhaint amach dár saoránaigh;
26. Táimidne, Airí Gnóthaí Baile Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus CLASI, ag tnúth le teacht le chéile arís sa chumraíocht chéanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an dearbhú comhpháirteach seo a chur chun feidhme ar dháta a chinnfear.
-